TOGHCHÁN UACHTARÁIN 2004

NÓTA EOLAIS
DO
IARRTHÓIRÍ

(Ní mór tagairt a dhéanamh do na coinníollacha reachtúil cuí chun ráiteas cinntitheach maidir leis an dlí a fháil)

Meán Fómhair 2004

Clár

Leathanach

- Cé is féidir a bheith ina iarrthóir? 3
- Cé atá in ann ainmniúchán a dhéanamh? 3
- Páipéir ainmniúcháin 3
- Grianghraif den Iarrthóir 4
- Rialadh faoi ainmniúcháin 5
- Ceapúchán gníomhairí ag an iarrthóir 7
- Postas Saor in Aisce 7
- An Vótáil 7
- Comhaireamh na vótaí 8

Forscríbhinn

- Airteagal 12 den Bhunreacht 9
- Foirm Cheaptha Ionadaí Údaraithe Toghchán Uachtaráin 10
- Legislative provisions on agents (English Version only) 11

TOGHCHÁN UACHTARÁIN 2004

IARRTHÓIRÍ DON TOGHCHÁN

1. **Cé is féidir a bheith ina iarrthóir**?
   Tá an dlí maidir le hainmniúcháin iarrthóra le fáil in Alt 12.4 (cóip ceangailte) den Bhunreacht agus in Achtanna Toghcháin Uachtaráin, 1992 go 2004.

2. Tá éinne atá ina **shaoránach Éireannach** agus atá **cúig bliana agus tríocha** d'aois inainmnithe do thoghchán chuig oifig an Uachtaráin.

3. **Cé atá in ann iarrathóir a ainmniú?**
   Caithfidh ar a laghad **20 ball den Oireachtas** nó ar a laghad **ceithre chomhairle chontae nó comhairlí toghlaigh chontae** iarrthóir a ainmniú. Is féidir le hiar-Uachtarán nó Uachtarán atá ag éirí as é nó í féin a ainmniú mar iarrthóir. Níl cead ag aon duine nó aon chomhaairle a bheith páirteach in ainmniú níos mó ná iarrthóir amháin maidir leis an toghchán céanna.

4. **Páipéir ainmniúcháin**
   Caithfear ainmniúcháin a bheith déanta ar pháipéar ainmniúcháin orduithe. Is féidir páipéir ainmniúcháin a fháil ón gceann comhairimh uachtaráin nó ó Chléireach na Dála nó ó Chléireach an tSeanaid do úsáid bhaill an Oireachtais. Is féidir páipéir ainmniúcháin do úsáid na gcomhairlí contae nó na comhairlí toghlaigh chontae a fháil ón gceann comhairimh uachtaráin.

5. I gcás ainmniúcháin ó bhaill an Oireachtais, ba cheart páipéar ainmniúcháin amháin a úsáid. Ba cheart do gach ainmnitheoir orduithe an páipéar a shíniú. Ba cheart an méid leathanaigh bhreise agus is gá a úsáid do na síniúcháin.

6. Caithfear ainm iomlán, seoladh agus gairm (más ann dó) an iarrthóra a thaispeáint ar an bpáipéar ainmniúcháin agus caithfidh dearbhú a bheith leis ag rá go bhfuil an duine atá molta le bheith ainmnithe intofa do thoghchán chuig Oifig an Uachtaráin agus go bhfuil sé/sí tar éis cead a thabhairt don ainmniúchán molta.

7. **GRIANGHRAIF DEN IARRTHÓIR**
   Más mian le hiarrthóir a ghrianghraf nó a grianghraf a bheith ar an bpáipéar

ballóide ní mór dó nó di iad seo a leanas a sholáthar leis an bpáipéar ainmniúcháin:

- ghrianghraf amháin i bhformáid dhigiteach ar nó CD (tomhas grianghraf pas-35mm x 45mm) in *300 dpi Jpeg* (RGB-daite);
  AGUS
- dhá chóip díreach mar a chéile priontála den ghrianghraf.

Ní ceadmhach an ghrianghraf a bheith glactha níos faide ná 12 mí roimh dháta an toghcháin agus ní mór caighdeán maith a bheith ag baint leis, é a bheith daite agus é a bheith tógtha ar chaighdeán gairmiúil, agus aghaidh iomlán, ceann agus guaillí an iarrthóra agus sin amháin a bheith ann ar chúlra éadrom (aon dath).

Beidh ainm an iarrthóra priontáilte go soiléir agus greamaithe de chúl gach cóip den ghrianghraf.

Sa chás nach gcomhlíonann an ghrianghraf (CD agus páipéar) a thugtar ar aird na ceanglais thuas, féadfaidh an ceann comhairimh gan grianghraf an iarrthóra ar chur ar an bpáipéar ballóide. Sa chás nach gcuirtear aon ghrianghraf ar fáil fágfar an spás do ghrianghraf den iarrthóir bán ar an bpáipéar ballóide.

8. Ba cheart **don té nó duine amháin nó níos mó dena daoine atá ag déanamh an ainmniúcháin na páipéir ainmniúcháin comhlánaithe a thabhairt isteach chuig an gceann comhairimh uachtaráin agus gan iad a chur sa phost**. Ba cheart coinne seachadta a dhéanamh tré glaoch gutháin a chur ar an gceann comhairimh uachtaráin (01-8882484). Caithfidh an ceann comhairimh uachtaráin na páipéir ainmniúcháin a fháil ní níos moille ná 12 meán lae ar an lá deiridh ar a nglacfar le hainmniúcháin, (Dé h-Aoine 1 Deireadh Fómhair 2004).

9. I gcás comhairle chontae nó comhairle toghlaigh chontae, caithfear fógra 3 lá glan den moladh chun iarrthóir a ainmniú a thabhairt do gach ball den chomhairle nó den bhardas. Ní féidir rún ó chomhairle chun iarrthóir a ainmniú a chealadh.

10. Cuirfidh an ceann comhairimh uachtaráin, nuair a fhaigheann sé an páipéar ainmniúcháin, admháil sa phost nó ar bhealach eile chuig an duine atá ainmnithe ar an bpáipéar ainmniúcháin chun a bheith ina iarrthóir sa toghchán.

11. **<u>Rialadh faoi ainmniúcháin</u>**

Déanfaidh an ceann comhairimh uachtaráin rialadh, ag 12 meán lae ar an lá deiridh lena nglacfar le hainmniúcháin (Dé h-Aoine 1 Deireadh Fómhair, 2004) maidir le báilíocht na bpáipéar ainmniúcháin atá faighte aige; deanfair an rialú i dTeach an Chustaim, Baile Átha Cliath 1. Beidh Uachtarán na hArd-Chúirte (nó breitheamh eile ón gCúirt a ainmníonn sé) i láthair mar mheasúnóir breithiúnach ag an rialadh faoi ainmniúcháin.

12. Caithfidh gach iarrthóir **a bheith i láthair** ag an rialadh faoi ainmniúcháin go pearsanta nó tré ionadaí údaraithe. Caithfidh iarrthóir atá ag iarraidh ionadaí údaraithe* a cheapadh an fhoirm orduithe atá le fáil ón gceann comhairimh uachtaráin a úsáid. D'fhéadfaí gan ainmniúchán iarrthóra a cheadú má theipeann air/uirthi a bheith i láthair go pearsanta nó tré ionadaí údaraithe ag an rialadh faoi ainmniúcháin.

13. Tá cead ag an iarrthóir agus/nó ionadaí údaraithe agus ní níos mó ná beirt dhuine eile atá leis an iarrthóir nó leis an ionadaí údaraithe a bheith i láthair ag an rialadh faoi ainmniúcháin.

14. Tá sé de dhualgas ar an gceann comhairimh uachtaráin agóid a dhéanamh i gcoinne cur síos iarrthóra atá, ina thuairim, mícheart, easnamhach chun an duine a aithint nó ró-fhada gan ghá agus d'fhéadfaí go mbeadh ar an gcur sios a bheith leasuithe nó curtha ar ceal.

15. Ag an rialadh faoi ainmniúcháin, beidh gach ceist a bhaineann le hainmniúcháin an té atá le bheith ina iarrthóir (a (h)intofacht don toghchán san áireamh) oscailte. Chun teacht ar shocrú na gceisteanna seo is féidir leis an gceann comhairimh uachtaráin nó an measúnóir breithiúnach fianaise a fháil, fianaise faoi mhionn san áireamh agus d'fhéadfaí iarraidh ar an iarrthóir nó a (h)ionadaí údaraithe eolas a chur a fáil.

16. Nuair a dhéanann an té atá airbheartaithe a bheith ainmnithe mar iarrthóir sa toghchán nó ionadaí údaraithe a leithéid de dhuine agóid, ag an rialadh faoi ainmniúcháin, ar fhorais a bheas luaite ansin díreach maidir le:

[*is duine é an t-ionadaí údaraithe atá údaraithe san fhoirm orduithe (cóip ag aipindic 2) ag an té atá airbheartaithe le bheith ainmnithe mar iarrthóir sa toghchán uachtaráin chun a bheith mar ionadaí dó/di ag an rialadh faoi ainmniúcháin ag an toghchán.]

(a) rialadh an cheann comhairimh uachtaráin faoi bháilíocht aon ainmniúcháin, nó

(b) intofacht do thoghchán chun oifig an Uachtaráin aon duine atá fógraithe chun seasamh ainmnithe mar iarrthóir sa toghchán uachtaráin atá i gceist,

agus go ndeir sé/sí go bhfuil sé i gceist achomharc a dhéanamh chuig an Ard-Chúirt in aghaidh an rialaithe nó an dearbhuithe, cuirfidh an ceann comhairimh uachtaráin an rialadh faoi ainmniúcháin ar atráth go dtí a leithéid d'am tar éis don achomharc a bheith réitithe faoi dheireadh nó tarraingthe siar agus a shocraíonn an ceann comhairimh uachtaráin nó mura tionscnaítear an t-achomharc laistigh de thréimhse dhá lá ó dháta an chur ar atráth, go dtí dul in éag na tréimhse sin.

17. Is féidir le duine tarraingt siar óna (h)iarrathóireacht ag aon am roimh chríoch an rialadh faoi ainmniúcháin ach ní ina dhiaidh. Déantar tarraingt siar tré an duine nó ionadaí údaraithe an duine fógra i scríbhinn den tarraingt siar seo sínithe ag an duine nó ag a (h)ionadaí údaraithe a sheachadadh chuig an gceann comhairimh uachtaráin.

18. **Ceapúchán gníomhairí ag an iarrthóir**

Caithfidh gach iarrthóir, faoi Acht um Toghcháin 1997 (Alt 50) gníomhaire toghcháin a cheapadh, ar nó roimh an lá deiridh lena nglacfar le hainmniúcháin, ar mhaithe leis na síntiúis a fhaigheann an t-iarrthóir ag an toghchán a nochtadh, agus ainm agus seoladh an ghníomhaire a chur in iúl don cheann comhairimh uachtaráin. Is féidir leis an t-iarrthóir é nó í féin a cheapadh mar ghníomhaire don toghchán uachtaráin. Foilsóidh Coimisiún na n-Oifigí Poiblí treoracha maidir leis na céimeanna atá le glacadh i dtaobh síntiúis 'srl.

Ba cheart don tagairt "gníomhaire toghcháin" in Acht 1993 nó Acht 1992 faoi mar a bhaineann le toghchán uachtaráin a bheith forléirithe mar thagairt do ghníomhaire toghchán uachtaráin ceaptha faoi Acht 1997.

19. Is féidir le hiarrthóir nó le gníomhaire toghcháin an iarrthóra gníomhaire áitiúil amháin a cheapadh do gach dáilcheantar chun cabhrú leis an iarrthóir sa dáilcheantar agus chun gníomhú mar ionadaí don gníomhaire toghcháin sa

dáilcheantar. Is féidir leis an t-iarrthóir, an gníomhaire toghcháin nó an gníomhaire áitiúil leas-ghníomhaire áitiúil amháin a cheapadh maidir le gach ceantar vótála sa dáilcheantar chun cabhrú leis an iarrthóir sa cheantar vótála agus chun gníomhú ann mar ionadaí do ghníomhaire toghcháin an iarrthóra agus don ghníomhaire áitiúil. Tabharfaidh an té a cheapann an gníomhaire fógra i scríbhinn maidir leis an gceapúchán, díreach láithreach tar éis an cheapúcháin, i gcás gníomhaire áitiúil don cheann comhairimh áitiúil.

20. Tá na coinníollacha ginearálta maidir le dualgais na ngníomhairí, taobh amuigh de dhualgais a bhaineann le síntiúis, leaghtha amach in Alt 34 de Acht Toghcháin Uachtaráin 1993, cóip ceangailte le seo.

21. **Postas Saor in Aisce**

Tá cead ag iarrthóir cumarsáid amháin a chur sa phost ag chuile toghthóir saor in aisce. Ba cheart dul i gcomhairle leis an bPost maidir leis na mionschocraithe.

22. **An Vótáil**

Déanfar an vótáil ag tochcháin uachtaráin ar an mbealach céanna le vótáil ag toghchán Dála agus cuirtear na mionrialacha cuí atá in Acht Toghcháin 1992 i bhfeidhm leis na mionathruithe riachtanach. Áirítear sna rialacht atá i gceist iad siúd a rialaíonn imeachtaí ag stáisiúin vótála, vótáil poist, scéim vótála speisialta, vótáil ar oileáin agus údarás do dhaoine le máchail vótáil ag stáisiún vótála malartach. Caithfidh an ceann comhairimh uachtaráin, atá freagrach freisin as priondáil na bpáipéar vótála a chaithfidh a bheith san fhoirm orduithe, fógra faoin vótáil a thabhairt.

23. **Comhaireamh na vótaí**

Déanfar comhaireamh na vótaí go hiomlán sna dáilcheantair agus ní bheidh aon chomhaireamh lárnach ann. Déanfaidh an ceann comhairimh uachtaráin toradh an toghcháin a chinntiú agus a fhógairt ar bhun na dtuairiscí a chuireann na cinn comhairimh áitiúil óna dáilcheantair éagsúla ar fáil dó. Is féidir leis na hiarrthóirí nó a n-ionadaithe a bheith i láthair ag fionnadh na dtorthaí agus is féidir leo athscrúdú iomlán agus athchomhaireamh dena vótaí uilig a caitheadh sa toghchán a lorg.

Déanfaidh an ceann comhairimh áitiúil i ngach dáilcheantar an chéad comhaireamh agus fógrófar na torthaí don ceann comhairimh uachtaráin a

mheasfaidh an cuóta. Má shroicheann iarrthóir an cuóta ar an gcéad comhaireamh fógrófar tofa é/í; mura scoicheann déanfaidh an ceann comhairimh uachtaráin an t-iarrthóir is ísle a chur ar ceal. Déanfaidh an ceann comhairimh áitiúil vótaí an iarrthóra atá curtha ar ceal a aistriú agus cuirfear na torthaí in iúl don cheann comhairimh uachtaráin. Leanfar le próiseas eisiamh na n-iarrthóirí agus aistriú a gcuid vótaí go dtí go mbíonn iarrthóir tofa. Tá na rialacha a bhaineann le comhaireamh na vótaí mar an gcéanna go bunúsach leo siúd a bhaineann le fo-thoghchán Dála.

Aguisín 1

AN tUACHTARÁN

AIRTEAGAL 12

4 . 1° Gach saoránach ag a bhfuil cúig bliana tríochad slán, is intofa chun oifig an Uachtaráin é.

2° Gach iarrthóir d'oifig an Uachtaráin, seachas duine atá nó a bhí ina Uachtarán cheana, is uathu seo a leanas nach foláir a ainmniú a theacht:

i. fiche duine ar a laghad agus gach duine faoi leith díobh sin ina chomhalta, in alt na huaire, de Theach de Thithe an Oireachtais, nó

ii. Comhairlí ceithre Chontae riaracháin ar a laghad (agus Contae-Bhuirgí a áireamh) mar a mhínítear le dlí.

3° Ní cead d'aon duine ná d'aon Chomhairle díobh sin bheith páirteach in ainmniú breis is aon iarrthóir amháin d'oifig an Uachtaráin san aontoghchán.

4° Tig le haon duine atá nó a bhí ina Uachtarán é féin a ainmniú d'oifig an Uachtaráin.

5° Nuair nach n-ainmnítear d'oifig an Uachtaráin ach aon iarrthóir amháin, ní gá vótáil chun é a thoghadh.

Aguisín 2

FOIRM CHEAPTHA IONADAÍ ÚDARAITHE

TOGHCHÁN UACHTARÁIN

_____ *

**Cuir mí agus bliain isteach anseo*

Déanaimse[#] _____

(*[#]Cuir isteach anseo ainm, seoladh agus tuairisc an duine airbheartaítear a bheith ainmnithe ina iarrthóir so toghchán.)*

as _____

_____

Duine a airbheartaítear a bheith ainmnithe ina iarrthóir sa toghchán thuasluaite, a údarú leis seo do [+]

(+Cuir isteach anseo ainm iomlán, seoladh agus tuairisc an duine atá údaraithe mar ionadaí.)

_____-

_____

as _____

_____

a bheith ina ionadaí dom le linn breith a thabhairt ar ainmniúcháin sa toghchán sin.

Sínithe: _____

Arna shíniú ag an duine thuasainmnithe i bhfianaise **

(***Is ceart an fhoirm seo a bheith sínithe i bhfianaise finné agus caithfidh an finné a (h)(ainm a shíniú, agus a s(h)eoladh agus a t(h)uairisc a chur san áireamh.)*

_____

_____

Electoral Act 1997 - Agents

Appointment of presidential election agent.

50. (1) (a) Before incurring any election expenses at a presidential election each candidate at the presidential election shall appoint an agent (in this Part referred to as a "presidential election agent") for the purposes of this Part *and to assist the candidate generally in relation to the election* and shall, not later than the last day for receiving nominations at the election, notify in writing the name of the said agent and the address of the office of the agent to the presidential returning officer.

(b) A candidate may appoint himself or herself as presidential election agent and, on so doing or on being deemed under this section to have so done, shall, so far as circumstances permit, be subject to the provisions of this Part both as a candidate and as an agent and, except where the context otherwise requires, any reference in this Part to a presidential election agent shall be construed as including a reference to the candidate acting as presidential election agent.

(2) Where a candidate has not, at the time referred to in subsection (1) (a), notified the presidential returning officer of the name of the presidential election agent appointed by the candidate and the address of the agent's office, the candidate shall be deemed to have appointed himself or herself as presidential election agent and to have revoked the appointment of any other person as such agent.

(3) A candidate may at any time revoke the appointment of a presidential election agent appointed or deemed to have been appointed by the candidate under this section.

(4) (a) If, before the presidential election donation statement and the statement of election expenses have been furnished to the Public Offices Commission in accordance with sections 48 and 56, respectively, the appointment of a presidential election agent is revoked or the person appointed as such agent dies, resigns or is otherwise unable to act, the candidate shall forthwith appoint another presidential election agent and shall notify in writing the name of the person so appointed and the address of the person's office to the presidential returning officer.

(b) (i) Where a candidate at a presidential election who has appointed himself or herself as election agent dies before a statement of election expenses has been furnished by him or her in accordance with section 56, the personal representative of the candidate may appoint another election agent in respect of the candidate.

(ii) The personal representative of a candidate at a presidential election referred to in subparagraph (i) may appoint himself or herself as election agent in respect of that candidate.

(c) The provisions of this section shall apply to a presidential election agent appointed under this subsection.

(5) The presidential returning officer shall as soon as may be notify the Public Offices Commission in writing and give public notice of the name

and the address of the office of every presidential election agent appointed or deemed to have been appointed under this section.

(6) A presidential election agent appointed or deemed to have been appointed under this section shall have an office or place in the State to which claims, notices, writs, summonses and other documents relating to the presidential election may be sent.

(7) Any claim, notice, writ, summons or other document delivered to the office or place of a presidential election agent and addressed to the agent shall be deemed to have been served on the agent and the presidential election agent may, in respect of any matter connected with the presidential election, be sued in any court having competent jurisdiction at the place where the said office is situated.

Presidential Elections Act 1993 – Agents

Appointment of agents.

33.— (1) Where a poll is to be taken at an election—

(a) repealed,

(b) each candidate or the election agent of the candidate may appoint one local agent for each constituency to assist the candidate in the constituency and to act as deputy in the constituency for the election agent of the candidate, and

(c) each candidate or the election agent or the local agent of the candidate may appoint with respect to each polling district in a constituency one deputy local agent to assist the candidate in the polling district and to act therein as deputy for the candidate's election agent and local agent.

(2) An appointment under this section may be revoked—

(a) repealed,

(b) in case the appointment is made under *subsection (1) (b)*, by the candidate or the election agent of the candidate, and

(c) in case the appointment is made under subsection (1) (c), by the candidate or the election agent or local agent of the candidate for the constituency concerned.

(3) Where the appointment of an agent under this section is revoked or an agent appointed under this section dies, resigns or becomes incapable of acting during an election, another agent may be appointed under this section in the place of that agent.

(4) The person by whom an agent is appointed under this section shall immediately after the appointment give written notice of the appointment and the name and address of the agent to the local returning officer for the constituency concerned.

General provisions as to agents - see section 34 of the Presidential Elections Act 1993.